Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13369/22**

**ENFOPOL 496**
**IXIM 238**
**COSI 246**
**COPEN 350**
**JAI 1311**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12154/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le fís an Limistéir Eorpaigh Eolaíochta Fóiréinsí 2.0 (EFSA 2.0)<br>– *Conclúidí ón gComhairle* (13 Deireadh Fómhair 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le fís an Limistéir Eorpaigh Eolaíochta Fóiréinsí 2.0 (EFSA 2.0), a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile), ag an 3899ú cruinniú a bhí aici, an 13 Deireadh Fómhair 2021.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le fís an Limistéir Eorpaigh Eolaíochta Fóiréinsí 2.0 (*EFSA 2.0*)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. AGUS AIRD Á TABHAIRT ar chuspóir an Aontais Eorpaigh an tAontas a choinneáil agus a fhorbairt mar limistéar saoirse, slándála agus ceartais, lena soláthrófar ardleibhéal slándála trí ghníomhaíocht choiteann idir na Ballstáit i réimse an chomhair phóilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla,

2. AG FÉACHAINT do Theideal V An Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe ar Airteagal 87(1) agus Airteagal 87(2)(a) de, lena gcuirtear in iúl go mbunóidh an tAontas comhar póilíneachta lena mbeidh baint ag údaráis inniúla na mBallstát agus go dtabharfaidh sé bearta isteach i dtaca le faisnéis ábhartha a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil, a mhalartú agus le hanailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin,

3. AG FÉACHAINT don fhiúntas a ghabhann le próifílí DNA, sonraí méarlorg agus sonraí cláraithe feithiclí a mhalartú trasna teorainneacha faoi Chinntí Prüm 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe maidir leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thrasteorann a chomhrac, i bhfianaise an athchóirithe ar Chód an Aontais Eorpaigh um Chomhar Póilíneachta chun feabhas a chur ar an gcomhar um fhorfheidhmiú an dlí feadh na mBallstát,

4. I bhFIANAISE Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne a bhaineann le DNA agus méarloirg chomh maith le ceanglais ghinearálta ISO/IEC 17025 maidir le hinniúlacht saotharlanna tástála agus calabrúcháin,

5. Á dTABHAIRT DÁ hAIRE Tosaíochtaí EMPACT agus na Comhspriocanna Straitéiseacha Cothrománacha a luaitear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le EMPACT[1],

[1] 6481/21, 9184/21

6. Á CHUR SAN ÁIREAMH DI an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme na gConclúidí ón gComhairle agus an Phlean Gníomhaíochta maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le Limistéar Eorpach Eolaíochta Fóiréinsí a chruthú an 13 Meitheamh 2016[2], agus á aithint di gur gá tuilleadh forbartha a dhéanamh maidir leis an obair sin chun tacú le húdaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha san Aontas Eorpach i réimse na heolaíochta fóiréinsí, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcothaítear forbairt agus infhaighteacht sonraí trasteorann, lena n-áirítear an bhithmhéadracht agus teicneolaíochtaí nua, le haghaidh Comhpháirtíocht éifeachtach Eorpach maidir leis an tSlándáil Inmheánach sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSlándáil Inmheánach ó mhí na Samhna 2020[3],

7. Á CUR SAN ÁIREAMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála, ina leagtar amach gníomhaíochtaí sonracha chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar thosaíochtaí straitéiseacha sa saol digiteach agus fisiciúil, lena n-áirítear Eorpaigh a chosaint ar an sceimhlitheoireacht agus ar an gcoireacht eagraithe, agus ina n-aithnítear an t-idirnascadh méadaitheach idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach[4],

8. Á CUR I dTÁBHACHT DI a thábhachtaí atá sé iontaofacht agus bailíocht na heolaíochta fóiréinsí a fheabhsú agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chothú ar mhaithe le héiceachóras slándála Eorpach atá éifeachtúil agus láidir,

9. DE BHRÍ go dtacaíonn Europol le comhar i measc údaráis forfheidhmithe dlí san Aontas agus go dtacaíonn sé leis na Ballstáit trína Fhoirne Doiciméad agus Fóiréinsice Digití agus a Shaotharlann Nuálaíochta, i measc nithe eile; agus go dtacaíonn Gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar tháirgí nuálacha ceannródaíocha do shlándáil na saoránach san Aontas trí Mhol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tSlándáil Inmheánach,

10. Á THABHAIRT DÁ hAIRE go ndéanfaí, le Limistéar Eorpach Eolaíochta Fóiréinsí, comhar a chothú agus muinín a thabhairt trí nósanna imeachta agus cleachtais na soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha sna Ballstáit a ailíniú,

11. Á ADMHÁIL DI gur limistéar saoirse, slándála agus ceartais é an tAontas, ina n-urramaítear cearta bunúsacha agus córais dhlíthiúla agus traidisiúin dhifriúla na mBallstát, agus go mbeidh éagsúlachtaí idir cleachtais na mBallstát,

---

[2] 10128/16
[3] 13083/20
[4] 10010/20

12. Á AITHINT DI an ról tábhachtach atá ag an Líonra Eorpach d'Institiúidí um Eolaíocht Fhóiréinseach (ENFSI) mar ardán do mhalartú éifeachtúil an eolais fhóiréinsigh, agus an ról atá ag geallsealbhóirí agus ag soláthróirí seirbhísí eolaíochta fóiréinseacha eile, d'fhonn na híoscheanglais cáilíochta a fhorbairt do scrúduithe fóiréinseacha, cabhair idirnáisiúnta a éascú agus riachtanais chórasacha thábhachtacha a shainaithint don chomhphobal fóiréinseach,

13. Á IARRAIDH ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún Eorpach, ar Ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais laistigh dá sainordú, agus ar institiúidí agus eagraíochtaí ábhartha eile oibriú le chéile chun Limistéar Eorpach Eolaíochta Fóiréinsí 2.0 a fhorbairt, ar cheart dó fís chuimsitheach a sholáthar chun freastal ar na riachtanais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus chun tionchar agus iontaofacht torthaí fóiréinseacha a neartú. Ba cheart go leagfaí amach san fhís gnéithe nithiúla agus bealach chun cinn atá deartha chun tacú le soláthraithe eolaíochta fóiréinsí d'údaráis forfheidhmithe dlí sna Ballstáit agus i nGníomhaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear trí thaighde agus nuálaíocht,

DÁ BHRÍ SIN, DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID SEO A LEANAS:

MEASANN SÍ gur gá leanúint den obair i réimse na heolaíochta fóiréinsí chun Plean Gníomhaíochta tiomnaithe a ghlacadh i gcomhair Limistéar Eorpach nua Eolaíochta Fóiréinsí 2030, ag tógáil ar an bhfís a d'fhorbair ENFSI agus ina mbeidh gníomhaíochtaí sonracha lena gcumhdaítear réimsí amhail:

- **Bithmhéadracht** lenar féidir duine a shainaithint agus a fhíordheimhniú bunaithe ar thacar sonraí inaitheanta infhíoraithe, ar sonraí uathúla iad a bhaineann go sonrach leo. Ba cheart feabhas a chur ar an gcumas sonraí bithmhéadracha a úsáid agus a mhalartú trí nós imeachta sábháilte láidir agus ba cheart é a bheith i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta amhail sraith ISO/IEC 19794. Ba cheart an tábhacht a bhaineann leis an mbithmhéadracht don anailís chomparáide a chur san áireamh mar phríomhthoisc a chuidíonn le cúraimí na n-údarás forfheidhmithe dlí a réiteach.

- **An Intleacht Shaorga** mar uirlis a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar roinnt gníomhaíochtaí i bpróisis eolaíochta fóiréinsí d'fhonn feabhas a chur ar a gcáilíocht, a n-éifeachtúlacht agus a n-infhaighteacht. Ba cheart acmhainneacht na hintleachta saorga san eolaíocht fhóiréinseach a fhiosrú, a fhorbairt agus a bhailíochtú chun bheith tairbhiúil d'obair cháis agus d'intleacht fhóiréinseach,

- **Digiteáil** mar réimse leathan ina gcuirtear teicneolaíochtaí nua agus próisis uathoibrithe chun feidhme chun tacú le céimeanna éagsúla i bpróiseas na heolaíochta fóiréinsí agus chun iad a fheabhsú, ó láthair na coire go dtí an seomra cúirte,

- **Uirlisí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn** chun bheith in ann dul in oiriúint do nuálaíochtaí nua eolaíochta agus teicneolaíochta agus measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí nó na teorainneacha a bhaineann leo. Áirítear leis sin forbairt na naineolaíochta agus nanaitheicneolaíochta chomh maith le tacaíocht a thabhairt don chomhar idir pobal na heolaíochta fóiréinsí, ollscoileanna agus tionscail i dtionscadail taighde agus nuálaíochta,

- **Cineálacha fianaise bitheolaíche agus ceimiceacha '-ómaíocht/-eamaíocht'** atá ag teacht chun cinn ar modhanna nua anailíse iad a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le móilíní móra amhail próitéiní nó meitibilítí a shainaithint ar féidir leo faisnéis a chur ar fáil faoi dhaoine, faoina ngníomhaíochtaí agus faoina dtimpeallacht,

- **Scrúdú agus léirmhíniú fóiréinseach** chun tionchar torthaí fóiréinseacha a neartú agus a n-iontaofacht a léiriú. Scrúdófar aistriú agus buanseasmhacht rianta agus éifeacht na flúirse cúlra chun bailíocht na hanailíse fóiréinsí a fheabhsú a thuilleadh. Tá sé tábhachtach modheolaíocht a fhorbairt chun na torthaí sin a scrúdú agus a léirmhíniú chun a dheimhniú go bhfuil na modhanna/nósanna imeachta atá in úsáid bailí agus láidir i ndálaí fóiréinseacha, nó iad a fhorbairt, chun feabhas a chur ar chleachtas na heolaíochta fóiréinsí,

- **Comhroinnt sonraí fóiréinseacha** idir gníomhaireachtaí agus dlínse chun cáilíocht sonraí a ráthú agus chun tacú le comhchuibhiú formáidí i dtacar sonraí, lena n-áirítear uirlisí chun sonraí a chomhroinnt[5], chun idir-inoibritheacht chórais faisnéise mórscála an Aontais a áirithiú.

- **Cineálacha cur chuige ildisciplíneacha** ionas go mbeidh torthaí fóiréinseacha tairbheach d'imscrúduithe agus d'oibríochtaí faisnéisbhunaithe a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe agus leis an sceimhlitheoireacht.

[5] 11824/2/20 REV 2, 9105/21

- **Nithe bunúsacha san Eolaíocht Fhóiréinseach** lena n-áirítear raon leathan réimsí a d'fhéadfaí a fhiosrú agus a fhorbairt agus na modhanna reatha á n-urramú ag an am céanna. D'ainneoin na bhfeabhsuithe leanúnacha chun sonraí eolaíocha iontaofa bailí a fhorbairt, amhail staidéar eimpíreach, d'fhéadfaí feabhas a chur ar chleachtas na heolaíochta fóiréinsí dá bharr.

- **Tosca fóiréinseacha daonna**, tuiscint ar an tionchar a bhíonn ag idirghníomhú an duine ar chinntí ar gach leibhéal de phróiseas imscrúdaitheach fóiréinseach, ó láthair na coire go dtí an seomra cúirte.

- IARRANN SÍ ar na geallsealbhóirí ábhartha amhail an Coimisiún Eorpach, ENFSI, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) páirt ghníomhach a ghlacadh san obair sin chun gníomhaíochtaí a shainaithint a d'fhéadfadh cur lena rannchuidiú le bunú EFSA 2020, agus rannchuidiú leis na spriocanna thuasluaite laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach sa Phlean Gníomhaíochta do EFSA 2030 atá le teacht,

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach tacú le hiarrachtaí na mBallstát feabhas a chur ar iontaofacht agus ar bhailíocht na heolaíochta fóiréinsí, go háirithe trí bhearta iomchuí cistiúcháin.